

“Tá tuiscint mhaith ag an údar, Éilín Ní Dhuibhne, ar mheon lucht na meán-aicme sa sliocht seo as an úrscéal Hurlamaboc”. (The author has a good understanding of the mindset of the middle classes in this piece out of the short story Hurlamaboc)

Rinne mé staidéar ar “Hurlamaboc”, le Éilín Ní Dhuibhne. Tá sé soiléir go bhfuil tuiscint mhaith ag an údar ar mheon lucht na meán-aicme (middle classes) mar cuireann sí béim ollmhór (huge emphasis) ar bhaothghalántacht (false vanity) agus ar ardnós (snobbery) na meán-aicme sa sliocht seo. Tá macallaí (echoes) an scannáin “The Stepford Wives” le sonrú go láidir (to be seen clearly) ann. Tá na mná atá ina gcónaí ar Ascaill na Fuinseoige, sráid an-ghaláta i ndeisceart (south) Bhaile Átha Cliath, ar fad fionn (blonde), faiseanta (fashionable), dathúil agus saibhir (wealthy).

Is duine féinmhuíneach (selfcentered) agus údarásach (authoritative) í Lisín, an príomhcharactar sa sliocht. Tá sí ardnósach agus déanann sí gach iarracht a bheith níos fearr (she tries to do everything to be better) ná gach éinne eile. Tá sí tanaí, néata, agus “I mbeagán focal, bhí sí foirfe”. Is sampla maith de mhná tipiciúla na meán-aicme (good sample of the typical middle class woman) sa lá atá inniú. B’fhéidir go bhfuil a carachtar beagáinín ró-áibhéalach (slightly exaggerated), ach tá tuiscint an údair as mhná mar seo le feiceáil mar sin féin.

Chomh maith leis sin, tá sé soiléir go bhfuil an t-údar ag aoradh (satirising) na mná seo. Ní aoradh fíochmhar, maslach (insulting), géar atá i gceist ach aoradh éadrom (mild). Is é an sloinne (surname) atá ar theaghlach Lisín ná “Albright” – tá siad go léir in ainm is a bheith (supposed to be) gealgháireach agus álainn, gan cíos cás ná cathú orthú (without worries or flaws). Úsáideann an t-údar an ainm seo chun steiréitíopa (stereotype) na haicme shóisialta a léiriú.

Tá deighilt ollmhór (huge divide) idir iad agus an chosmhuintir (ordinary people), agus tuigeann siad go maith é. Is daoine an-ardnósacha iad agus tá saol an mhadaidh bháin (easy lives of the “white dog”) acu, dar léi. Tugann siad aire mhór dá gcuma fhisiceach (physical appearance). “Fiu amháin agus iad ag rith amach leis an mbruscar, bhíodh gúnaí oíche deasa orthu, agus an ghruaig cíortha go néata acu, ionas go dtuigfeadh na fir a bhailigh an bruscar gur daoine deasa iad”.

Is daoine leithleasacha (selfish) iad an mheán-aicme, dar leis an údar. Bhí Lisín bainteach (involved) le clubanna agus le heagraíochtaí, ní ar mhaithe le carthanacht (not for the sake of charity) ach ar mhaithe le go mbeadh sí chun tosaigh ar a comharsana (so she is ahead of her neighbours) agus go spreagfadh sí éad iontu (to make them jealous). Is iad na mothúcháin atá chun tosaigh sa sliocht seo ná féinspéis agus uabhar (pride).

Ar an iomlán, tá tréithe pearsantacha na meán-aicme le feiceáil anseo. Tá tuiscint shoiléir ag Éilis Ní Dhuibhne ar a gcuid iompair agus a gcreidimh.

“Is duine leithleasach í Lisín”. Déan plé gairid é sin. (Lisín is a selfish person, Discuss)

Is duine baothghalánta, féinmhuiníneach (self centred), údarásach (authoritative), agus thar aon rud eile leithleasach í Lisín. Ní duine ródheas í agus ba mhaith léi a bheith mar an bhean is fearr ar an tsráid (best woman on the street). Tá sí éadomhain (shallow) mar creideann sí gurb iad na rudaí is tábhachtaí sa saol (most important things in life) ná conas a bhreathnaíonn daoine uirthi agus cé mhéad airgid atá ina seilbh acu (how much money they have in their possession).

Tá sí ró-uaimhianach (too ambitious) agus neamh-mhothálach (insensitive), agus tá a h-íomhá pearsanta (personal image) an-tabhachtach di. Déanann sí chuile iarracht a bheith níos fearr ná gach éinne eile. Tá sí ábharach, mór-chúiseach agus féinlárnach freisin, b'fhéidir, mar tá sí lánsásta le gach rud; a fear chéile, a mic (sons), an teach, léi féin. “I mbeagán focal, bhí sí foirfe”. Ní thugann sí aird ar duine eile (doesn't pay attention to anyone else).

Bíonn Lisín i gcónaí ag iarraidh bheith i lár an chiorcal sóisialta is fearr (in the middle of the best social circles). Is breá léi nuair a bhíonn daoine saibhre, cáiliúla (famous), ardléannta ina timpeall an t-am ar fad. Is duine míbhéasach (rude) í Lisín maidir le hEibhlín chomh maith leis sin, mar níl gruaig fhada fhionn uirthi. Sílim gur duine uafásach, an-santach (very greedy) í. Bean atá dúghafa (absorbed by) maidir le néatacht a tí féin (the neatness of her own home). Coimeádann sí gach duine agus gach rud faoina smacht (under her control) freisin. Bhí sí bainteach le (involved with) heagraíochtaí agus le clubanna ar mhaithe le go mbeadh sí chun tosaigh ar a comharsanna agus go musclódh sí éad iontu (to make them jealous of her). Tá sé soiléir gur duine an-leithleasach í.